**CINNEADH (AE) 2023/135 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH**

**an 30 Nollaig 2022**

**maidir le caipiteal a íoc, aistriú cúlsócmhainní eachtracha agus ranníocaíochtaí ó Hrvatska narodna banka chuig cúlchistí agus soláthairtí an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE/2022/51)**

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 30.1, 30.3, 48.1 agus 48.2 de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2022/1211 ón gComhairle ([1]), i gcomhréir le hAirteagal 140(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, comhlíonann an Chróit na coinníollacha is gá chun an euro a ghlacadh agus aisghairfear an maolú i bhfabhar na Cróite dá dtagraítear in Airteagal 5 d'Ionstraim Aontachais 2012 ([2]) le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.

(2) Foráiltear le hAirteagal 48.1 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (dá ngairtear "Reacht CEBC" anseo feasta) nach mór do bhanc ceannais náisiúnta (BCN) Ballstáit a bhfuil a mhaolú aisghairthe a scair shuibscríofa de chaipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) a íoc a mhéid céanna le BCNanna na mBallstát eile a bhfuil an euro mar airgeadra acu. Tá a gcuid scaireanna i gcaipiteal suibscríofa BCE íoctha ina n-iomláine ag BCN na mBallstát reatha a bhfuil an euro mar airgeadra acu ([3]). Is é ualú 0,6595 % Hrvatska narodna banka in eochair chaipitil BCE, de bhun Airteagal 2 de Chinneadh (AE) 2020/137 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2020/3) ([4]). Tá cuid dá scair i gcaipiteal suibscríofa BCE íoctha cheana féin agHrvatska narodna banka, de bhun Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2020/136 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2020/2) ([5]). Dá bhrí sin, is é EUR 68 713 762,06 an méid gan íoc, a eascraíonn as caipiteal suibscríofa BCE (EUR 10 825 007 069,61) a iolrú faoi ualú scála caipitil Hrvatska narodna banka (0,6595 %), lúide an chuid dá scair i gcaipiteal suibscríofa BCE atá íoctha cheana.

(3) Foráiltear le hAirteagal 48.1, in éineacht le hAirteagal 30.1, de Reacht CEBC nach mór do BCN Ballstáit a bhfuil a mhaolú aisghairthe sócmhainní cúlchistí eachtracha a aistriú chuig BCE freisin. De bhun Airteagal 48.1 de Reacht CEBC, cinntear an tsuim atá le haistriú tríd an luach euro ag rátaí reatha malairte shócmhainní na gcúlchistí eachtracha a aistríodh cheana chuig BCE i gcomhréir le hAirteagal 30.1 de Reacht CEBC a iolrú faoin gcóimheas idir líon na scaireanna arna suibscríobh ag an BCN lena mbaineann agus líon na scaireanna atá íoctha cheana ag BCNanna na mBallstát eile a bhfuil an euro mar airgeadra acu. Agus "sócmhainní na gcúlchistí eachtracha atá

([1]) Cinneadh (AE) 2022/1211 ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le glacadh an euro ag an gCróit an 1 Eanáir 2023 (IO L 187, 14.7.2022, lch. 31).

([2]) Gníomh i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Cróite agus na n-oiriúnuithe ar an gConradh ar an Aontas Eorpach, ar an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO L 112, 24.4.2012, lch. 21).

([3]) Cinneadh (AE) 2020/138 ón mBanc Ceannais Eorpach an 22 Eanáir 2020 maidir le caipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh d'íoc ag bainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/44 (BCE/2020/4) (IO L 27 I, 1.2.2020, lch. 6).

([4]) Cinneadh (AE) 2020/137 ón mBanc Ceannais Eorpach an 22 Eanáir 2020 maidir le céatadáin scaireanna na mbanc ceannais náisiúnta sa scála le haghaidh shuibscríobh chaipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/43 (BCE/2020/3) (IO L 27 I, 1.2.2020, lch. 4).

([5]) Cinneadh (AE) 2020/136 ón Bhanc Ceannais Eorpach an 22 Eanáir 2020 maidir le caipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh d'íoc ag bainc cheannais náisiúnta nach bhfuil sa limistéar euro agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/48 (BCE/2020/2) (IO L 27 I, 1.2.2020, lch. 1).

aistrithe cheana chuig BCE i gcomhréir le hAirteagal 30.1" á gcinneadh, ba cheart aird chuí a thabhairt ar choigeartuithe eochairchaipitil a rinneadh roimhe sin de bhun Airteagal 29.3 de Reacht CEBC agus ar fhorleathnú scála caipitil de bhun Airteagal 48.3 de Reacht CEBC. Dá thoradh sin, de bhun Chinneadh (AE) 2020/140 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2020/6) ([6]), is é EUR 40 343 940 778,93 coibhéis euro na gcúlsócmhainní eachtracha a aistríodh cheana chuig BCE faoi Airteagal 30.1 de Reacht CEBC.

(4) Ba cheart na cúlsócmhainní eachtracha atá le haistriú ag Hrvatska narodna banka a bheith i ndollair SA agus ór nó a bheith ainmnithe iontu.

(5) Foráiltear le hAirteagal 30.3 de Reacht CEBC nach mór do BCE éileamh, atá coibhéiseach leis na cúlsócmhainní eachtracha atá aistrithe aige chuig BCE, a chur chun sochair do gach BCN de chuid Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra aige. Na forálacha maidir le hainmníocht agus luach saothair na n-éileamh a creidiúnaíodh cheana do BCNanna na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, ([7]) ba cheart feidhm a bheith acu freisin maidir le hainmníocht agus luach saothair éileamh Hrvatska narodna banka.

(6) Foráiltear le hAirteagal 48.2 de Reacht CEBC nach mór do BCN Ballstáit a bhfuil a mhaolú aisghairthe ranníocaíocht a dhéanamh le cúlchistí BCE, leis na soláthairtí sin atá coibhéiseach le cúlchistí, agus leis an méid atá fós le leithreasú do na cúlchistí agus do na soláthairtí a chomhfhreagraíonn d'iarmhéid an chuntais brabúis agus caillteanais amhail an 31 Nollaig den bhliain roimh aisghairm an mhaolaithe. Cinntear méid na ranníocaíochta sin i gcomhréir le hAirteagal 48.2 de Reacht CEBC.

(7) Ar aon dul le hAirteagal 3.5 de Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Cheannais Eorpaigh, ([8])bhí an deis ag Gobharnóir Hrvatska narodna banka barúlacha a thabhairt maidir leis an gCinneadh seo sular glacadh é.

(8) I ngeall ar na srianta ama a chuirtear i láthair mar gheall ar an tréimhse ghearr idir ríomh mhéid na gcúlsócmhainní eachtracha atá le haistriú ag Hrvatska narodna banka an 30 Nollaig 2022 agus aisghairm an mhaolaithe i bhfabhar na Cróite an 1 Eanáir 2023, ba cheart fógra a thabhairt faoin gCinneadh seo mar ábhar práinne agus ba cheart go mbeidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Sainmhínithe:**

Chun críche an Chinnidh seo:

(a) ciallaíonn "cúlsócmhainní eachtracha" ór nó dollair SA;

(b) ciallaíonn "ór" unsa troí glan d'ór i bhfoirm barraí London Good Delivery, mar atá sonraithe ag an London Bullion Market Association;

(c) ciallaíonn "dollar SA" airgeadra dleathach na Stát Aontaithe.

([6]) Cinneadh (AE) 2020/140 ón mBanc Ceannais Eorpach an 22 Eanáir 2020 lena leagtar síos na bearta is gá chun an ranníocaíocht le luach cothromais carntha an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus chun éilimh na mbanc ceannais náisiúnta atá coibhéiseach leis na cúlchistí eachtracha aistrithe a choigeartú agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/46 (BCE/2020/6) (IO L 27 I, 1.2.2020, lch. 15).

([7]) De bhun Threoirlíne BCE/2000/15 ón mBanc Ceannais Eorpach an 3 Samhain 1998 arna leasú le Treoirlíne an 16 Samhain 2000 maidir le comhdhéanamh, luacháil agus módúlachtaí aistrithe tosaigh sócmhainní cúlchiste coigríche, agus ainmníocht agus luach saothair éileamh coibhéiseach (IO L 336, 30.12.2000, lch. 114).

([8]) Cinneadh BCE/2004/2 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Feabhra 2004 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh (IO L 80, 18.3.2004, lch. 33).

*Airteagal 2*

**Méid agus foirm an chaipitil íoctha**

1. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, íocfaidh Hrvatska narodna banka an méid bhfuil fágtha dá scair i gcaipiteal suibscríofa BCE, a fhreagraíonn do EUR 68 713 762,06.

2. Íocfaidh Hrvatska narodna banka an méid atá sonraithe i mír 1 le BCE an 2 Eanáir 2023 trí bhíthin aistriú ar leithligh tríd Uathchóras Mearaistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-Ama Tras-Eorpach (TARGET2) agus a shocraíonn in euro in airgead bainc ceannais.

3. Íocfaidh Hrvatska narodna banka le BCE ar an 2 Eanáir 2023, trí aistriú TARGET2 ar leithligh, an t-ús a fabhraíodh an 1 Eanáir 2023 ar an méid atá dlite do BCE faoi mhír 2. Ríomhfar an t-ús ar bhonn laethúil, ag baint úsáide as an modh ríofa iarbhír de-os cionn-360-lá, ag ráta ata cothram leis an ráta úis imeallach a úsáidtear san Eurochóras ina phríomhoibríocht athmhaoiniúcháin is déanaí.

*Airteagal 3*

**Aistriú de chúlsócmhainní eachtracha**

1. Aistreoidh Lietuvos bankas chuig an BCE, le héifeacht ón 1 Eanáir 2023 agus de réir an Airteagail seo agus na socruithe a dhéanfar dá bhun, méid cúlsócmhainní eachtracha a bheidh coibhéiseach le EUR 639 849 638,12 mar seo a leanas:

| Méid euro-choibhéis de dhollair SA i bhfoirm airgid thirim | Méid euro-choibhéis d'ór | Méid euro-choibhéis comhiomlán |
|---|---|---|
| 543 872 192,40 | 95 977 445,72 | 639 849 638,12 |

2. Déanfar méid euro-choibhéis na gcúlsócmhainní eachtracha atá le haistriú ag Hrvatska narodna banka faoi mhír 1 a ríomh ar bhonn na rátaí malairte idir an euro agus dollar SA arna ríomh chun críche rátaí tagartha malairte eachtraí BCE an 30 Nollaig 2022 agus, i gcás óir, ar bhonn phraghas an óir in aghaidh unsa troí glan arna bhunú sa nós imeachta comhbheartaithe chun críocha inmheánacha BCE an 30 Nollaig 2022.

3. Deimhneoidh an BCE do Hrvatska narodna banka a luaithe is féidir an méid a ríomhtar de réir mhír 2.

4. I gcomhréir le mír 1, aistreoidh Hrvatska narodna bank chuig BCE méid dollar na SA i bhfoirm airgid thirim a bheidh coibhéiseach leis an méid euro a leagtar síos sa tábla i mír 1.

5. Tarlóidh aistriú mhéid dollar na SA i bhfoirm airgid thirim a bheidh coibhéiseach leis an méid euro a leagtar síos sa tábla i mír 1 chuig cibé cuntais a shonróidh an BCE. Is é an 3 Eanáir 2023 an dáta socraíochta don mhéid dollar SAM i bhfoirm airgid thirim a aistreofar chuig BCE. Tabharfaidh Hrvatska narodna banka treoracha chun a leithéid d'aistriú chuig an BCE a fhorghníomhú.

6. Beidh luach an óir arna aistriú ag Lietuvos bankas chuig an BCE, de réir mhír 1, chomh gar agus is féidir do EUR 95 977 445,72, ach nach mó ná sin.

7. Aistreoidh Hrvatska narodna banka an t-ór dá dtagraítear i mír 1 i bhfoirm neamh-infheistithe chuig cibé cuntais agus cibé áiteanna a shonróidh an BCE. Is é an 3 Eanáir 2023 an dáta socraíochta don ór a aistriú chuig BCE. Tabharfaidh Hrvatska narodna banka treoracha chun a leithéid d'aistriú chuig an BCE a fhorghníomhú.

8. Má aistríonn Hrvatska narodna banka ór chuig an BCE ar luach de níos lú ná an méid a shonraítear i mír 1, aistreoidh sé ansin an 3 Eanáir 2023, méid dollar na SA i bhfoirm airgid thirim a bheidh coibhéiseach leis an easnamh chuig cuntas den BCE de réir mar a shonróidh an BCE. Ní bheidh aon dollar na SA den sórt sin i bhfoirm airgid thirim mar chuid de na cúlsócmhainní eachtracha a aistreoidh Hrvatska narodna banka chuig an BCE de réir mhír 4.

9. Socrófar an difríocht, más ann, idir an méid comhiomlán de choibhéis euro a luaitear i mír 1 agus an méid a luaitear in Airteagal 4(1) de réir Chomhaontú an 30 Nollaig 2022 idir Hrvatska narodna banka agus an Banc Ceannais Eorpach maidir leis an éileamh arna chur chun sochair do Hrvatska narodna banka ag an mBanc Ceannais Eorpach faoi Airteagal 30.3 de reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh ([9]).

*Airteagal 4*

**Ainmníocht, luach saothair agus aibíocht an éilimh atá coibhéiseach leis an ranníocaíocht**

1. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, agus faoi réir na sonraíochtaí in Airteagal 3 maidir le dátaí socraíochta aistrithe cúlsócmhainní eachtracha, cuirfidh an BCE chun sochair Hrvatska narodna banka éileamh ainmnithe in euro, arb'ionann agus méid euro comhiomlán dá ranníocaíocht de chúlsócmhainní eachtracha. Freagraíonn an t-éileamh seo do EUR 327 152 181,93.

2. Íocfar an t-éileamh a chuir an BCE chun sochair Hrvatska narodna banka ón dáta socraíochta. Ríomhfar an t-ús a fhrabhrófar ar bhonn laethúil, ag baint úsáide as an modh ríofa iarbhír de-os cionn-360-lá, ag ráta arb'ionann agus 85 % den ráta úis imeallach a úsáidtear san Eurochóras ina phríomhoibríocht athmhaoiniúcháin is déanaí.

3. Íocfar an t-ús fabhraithe arna ríomh de réir mhír 2 le Hrvatska narodna banka ag deireadh gach bliana airgeadais. Cuirfidh an BCE Hrvatska narodna banka ar an eolas faoin méid carnach gach ráithe.

4. Ní fhéadfar an t-éileamh a fhuascailt.

*Airteagal 5*

**Ranníocaíocht le cúlchistí agus soláthairtí an BCE**

1. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, déanfaidh Hrvatska narodna banka ranníocaíocht le cúlchistí an BCE, leis na soláthairtí sin atá coibhéiseach le cúlchistí, agus leis an méid atá fós le leithreasú chuig na cúlchistí agus na soláthairtí a fhreagraíonn d'iarmhéid an chuntais brabúis agus caillteanais an 31 Nollaig 2022.

2. Cinnfear na méideanna atá le ranníoc ag Hrvatska narodna banka de réir Airteagal 48.2 de Reacht an BCE. Leis na tagairtí in Airteagal 48.2 do "líon na scaireanna arna suibscríobh ag an mbanc ceannais lena mbaineann" agus "líon na scaireanna atá íoctha cheana féin ag na bainc cheannais eile" déanfar tagairt d'ualú faoi seach de Hrvatska narodna banka agus BCNanna na mBallstát eile arb é a n-airgeadra an euro in scála caipitil an BCE, de bhun Chinneadh (AE) 2020/140 (BCE/2020/6).

3. Chun críocha mhír 1, cuimseoidh "cúlchistí BCE" agus "forálacha is ionann agus cúlchistí" cúlchiste ginearálta BCE, iarmhéideanna ar chuntais athluachála agus an soláthar do rioscaí airgeadais.

4. Ar a dhéanaí ar an gcéad lá oibre tar éis don Chomhairle Rialaithe faomhadh a dhéanamh ar chuntais bhliantúla an BCE don bhliain 2022, ríomhfaidh agus daingneoidh an BCE do Hrvatska narodna banka an méid ranníocaíochta atá le déanamh ag Hrvatska narodna banka faoi mhír 1.

([9]) IO C 18, 19.1.2023, lch. 1.

5. Ar an dara lá oibre tar éis don Chomhairle Rialaithe cuntais bhliantúla an BCE don bhliain 2022 a fhaomhadh íocfaidh Hrvatska narodna banka, trí TARGET2, leis an BCE:

(a) an méid atá dlite don BCE arna ríomh faoi mhír 4, lúide aon mhéid a aistríodh de bhreis ar an éileamh dá dtagraítear in Airteagal 4(1) ar na dátaí socraíochta atá leagtha síos in Airteagail 3(5) agus 3(7) ("réamh-ranníocaíocht"), más ann; agus

(b) an t-ús a fabhraíodh ón 1 Eanáir 2023 go dtí dáta na híocaíochta ar an méid atá dlite don BCE arna ríomh faoi mhír 4, lúide aon réamh-ranníocaíocht.

6. Ríomhfar aon ús a fhrabhrófar faoi mhír 5(b) ar bhonn laethúil, ag baint úsáide as an modh ríofa iarbhír de-os cionn-360-lá, ag ráta arb'ionann agus an ráta úis imeallach a úsáidtear san Eurochóras ina phríomhoibríocht athmhaoiniúcháin is déanaí.

*Airteagal 6*

**Inniúlachtaí**

1. A mhéid is gá, eiseoidh Bord Feidhmiúcháin an BCE treoracha chuig Hrvatska narodna banka chun aon fhoráil den Chinneadh seo a shonrú agus chun éifeacht a thabhairt di agus chun foráil a dhéanamh maidir le leigheasanna iomchuí i leith aghaidh a thabhairt ar aon fhadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

2. Tabharfar fógra go pras don Chomhairle Rialaithe faoi aon treoir a eiseoidh an Bord Feidhmiúcháin faoi mhír 1, agus comhlíonfaidh an Bord Feidhmiúcháin aon chinneadh ón gComhairle Rialaithe maidir leis sin.

*Airteagal 7*

**Teacht in éifeacht**

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a thabharfar fógra chuig an seolaí.

2. Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

*Airteagal 8*

**Seolaí**

Dírítear an Cinneadh seo chuig Hrvatska narodna banka.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 30 Nollaig 2022.

*Uachtarán BCE*
Christine LAGARDE